Seanad 100 Éireann

# Plean Ceachta 3. Glórtha Mionlaigh, Athruithe Móra

## Torthaí Foghlama

Ag deireadh an cheachta seo beidh na daltaí in ann:

1. Míniú a thabhairt ar an méid a chuir Seanadóirí áirithe leis an gCéad Seanad, sa chomhthéacs polaitiúil, sóisialta agus eacnamaíoch.

## Naisc Churaclaim

- Maidir leis na Seanadóirí a ndéantar cur síos orthu sa cheacht seo, tá ceangal acu le Topaicí 2 agus 3 de Shiollabas Staire na hArdteistiméireachta (Éire sa Nua-Aois Dhéanach).

## Acmhainní

- An Suíomh Gréasáin Glórtha Mionlaigh, Athruithe Móra
- Comhaltaí den Chéad Seanad

## Réamhrá

- Agus an nasc Comhaltaí den Chéad Seanad á úsáid agat, déan cur síos achomair ar chomhdhéanamh an Chéad Seanaid agus ar an gcaoi ar toghadh nó ar ainmníodh na comhaltaí de.

## Forbairt

- Ba Chomhaltaí den Chéad Seanad iad gach duine díobh seo a leanas. Bain úsáid as an eolas faoi bheatha na gcomhaltaí sin ar an suíomh greasáin Glórtha Mionlaigh, Athruithe Móra chun ceisteanna faoi gach duine díobh a fhreagairt (D'fhéadfá Seanadóirí eile a chur san áireamh mar ghníomhaíocht foghlama breise, go háirithe má bhí ceangail áitiúla ag baint leo).

### A. Cuntaois Lios Loinín, Ellen Odette Cuffe

1. Déan cur síos achomair ar a cúlra agus ar an tslí ar tháinig sí chun bheith ina Seanadóir (Tofa nó Ainmnithe)
2. Cad iad na saincheisteanna a raibh sí i mbun feachtais ar a son le linn di bheith sa Seanad agus cén seasamh a bhí aici ar na saincheisteanna sin?
3. Déan cur síos ar an méid a chuir sí leis an saol i gCill Chainnigh.

**B.** William Butler Yeats

1. Déan cur síos achomair ar a chúlra agus ar an tslí ar tháinig sé chun bheith ina Sheanadóir.
2. Cad iad na saincheisteanna a raibh sé i mbun feachtais ar a son le linn dó bheith sa Seanad?
3. Cé is moite dá phost mar Sheanadóir, céard eile as a bhfuil cáil air?

**C.** Dubhghlas de hÍde

1. Déan cur síos achomair ar a chúlra agus ar an tslí ar tháinig sé chun bheith ina Sheanadóir.
2. Cad iad na saincheisteanna a raibh sé i mbun feachtais ar a son le linn dó bheith sa Seanad?
3. Cé is moite dá phost mar Sheanadóir, céard eile as a bhfuil cáil air?

**D.** Eileen Costello

1. Déan cur síos achomair ar a cúlra agus ar an tslí ar tháinig sí chun bheith ina Seanadóir.
2. Cad iad na saincheisteanna a raibh sí i mbun feachtais ar a son le linn di bheith sa Seanad?
3. Mínigh an méid a chuir sí leis an saol cultúrtha in Éirinn.

## Clabhsúr:

Lean ort ag déanamh plé ar roinnt de na comhaltaí eile den Chéad Seanad. Bain úsáid as na ceannteidil mholta seo a leanas chun do thaighde a dhéanamh: pearsana áitiúla, ainmneacha teaghlach cáiliúil, pearsana stairiúla, etc.